Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**13350/20**

**FISC 226**
**ECOFIN 1097**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12979/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cánachas cothrom agus éifeachtach i dtráth an téarnaimh, dúshláin chánach a ghabhann leis an digiteáil agus dea-rialachas cánach san Aontas agus níos faide i gcéin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí thuasluaite ón gComhairle a d'fhormheas an Chomhairle tríd an nós imeachta i scríbhinn an 27 Samhain 2020.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le cánachas cothrom agus éifeachtach i dtráth an téarnaimh, dúshláin chánach a ghabhann leis an digiteáil agus dea-rialachas cánach san Aontas agus níos faide i gcéin**

## *I. <u>Réamhrá agus ráitis ghinearálta</u>*

Maidir leis an gComhairle:

1. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil córais chánachais sna Ballstáit atá cothrom agus éifeachtach lárnach do théarnamh inbhuanaithe an Aontais Eorpaigh ina iomláine agus go gcuideoidh siad le freagairt ar an ngéarchéim shláinte dhífhasaigh seo, agus go mbeidh beartais chánach ag teastáil lena nginfear ioncaim do bhuiséid náisiúnta agus do bhuiséid an Aontais araon agus go gcuirfear san áireamh leo éifeachtaí na géarchéime ar an ngeilleagar; go bhféadfar aistriú rianúil a dhéanamh leo sin ionsar spriocanna beartais maidir le hiomaíochas inbhuanaithe, an Comhaontú Glas don Eoraip agus leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na digiteála i ngeilleagar domhanda;

2. MEABHRAÍTEAR DI conclúidí mhí Iúil 2020 ón gComhairle Eorpach, ina gcuirtear i dtreis an gá atá le hiarracht dífhasaigh agus le cur chuige nuálach a chothóidh cóineasú, athléimneacht agus claochlú an Aontais chun éifeachtaí ghéarchéim COVID-19 a ghleic; go ndúirt an Chomhairle Eorpach go n-oibreodh an tAontas, le linn an chéad CAI eile, chun acmhainní dílse breise a thabhairt isteach, a gcuirfidh an Coimisiún tograí maidir le sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha agus maidir le tobhach digiteach ar aghaidh mar bhonn dóibh. Ina theannta sin, comhaontaíodh go n-oibreodh an tAontas chun acmhainní dílse eile a thabhairt isteach, agus d’fhéadfadh Cáin ar Idirbhearta Airgeadais a bheith mar chuid de sin;

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil Teachtaireacht curtha síos ag an gCoimisiún maidir le Plean Gníomhaíochta do chánachas cothrom simplí a thacaíonn leis an straitéis téarnaimh agus Teachtaireacht maidir le dea-rialachas cánach san Aontas agus níos faide i gcéin;

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil ar phríomhchuspóirí bheartas cánach an Aontais bacainní cánach a laghdú do ghnólachtaí i margadh aonair an Aontais, calaois chánach agus cleachtais éagóracha eile a chomhrac chomh maith le comhar níos éifeachtaí idir údaráis chánach a chur chun cinn chun rialú a áirithiú agus calaois a chosc agus a chomhrac; agus AITHNÍONN SÍ, cé gur cheart obair ar thionscnaimh nua maidir le beartas cánach a shaothrú, gur cheart béim a leagan chomh maith ar a áirithiú go bhforfheidhmeofar an reachtaíocht chánach atá ann cheana agus go bhfeabhsófar comhlíonadh agus comhar cánach;

5. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart le haon bhearta agus tionscnaimh bhreise le haghaidh cánachas cothrom agus éifeachtach na cuspóirí a bhaint amach maidir le pleanáil ionsaitheach cánach agus seachaint cánach a chomhrac agus cánachas a dhéanamh simplí agus éifeachtach, agus dálaí agus riachtanais shonracha na mBallstát agus digiteáil a gcuid geilleagar á gcur san áireamh, agus inniúlacht na mBallstát i réimse an chánachais á n-urramú;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur féidir an cánachas indíreach a úsáid mar ionstraim bheartais chun tacú leis an aistriú chuig geilleagar 'glas' agus cuidiú le spriocanna aeráidneodrachta chomh maith le cuspóirí comhshaoil eile den Chomhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach; agus go gcaithfear gníomhaíocht a dhéanamh i réimse an bheartais cánach indírigh agus aird chuí á tabhairt ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta agus ar shainiúlachtaí gheilleagair náisiúnta na mBallstát agus, i gcás ina ndéantar an ghníomhaíocht sin, chun aistriú rianúil a áirithiú;

## *II. __Cánachas díreach, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chánach a bhaineann le digiteáil an gheilleagair__*

*__Dúshláin a eascraíonn as digiteáil an gheilleagair__*

7. MEABHRAÍTEAR DI conclúidí an 5 Nollaig 2017 ón gComhairle maidir le 'Freagairt do dhúshláin a bhaineann leis an gcánachas ar bhrabúis an gheilleagar dhigitigh,' chomh maith le conclúidí an 22 agus an 23 Meitheamh 2017 ón gComhairle Eorpach, inar leagadh béim ar an ngá atá le cur chuige 'iomlánaíoch' chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus chun na deiseanna a bhaineann le digiteáil an gheilleagair a thapú, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 1 agus an 2 Deireadh Fómhair 2020, lena ndéanfaidh an Chomhairle Eorpach 'measúnú ar staid reatha na hoibre atá ar bun ar shaincheist thábhachtach an chánachais dhigitigh' i mí an Mhárta 2021;

8. MEABHRAÍTEAR DI conclúidí mhí Iúil 2020 ón gComhairle Eorpach ina dtugtar ar aird go ndéanfaidh an Coimisiún, mar bhonn d'acmhainní dílse breise, togra maidir le tobhach digiteach a chur ar aghaidh sa chéad seimeastar de 2021, d'fhonn é a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2023 ar a dhéanaí, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair ar Chreat Cuimsitheach na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis a chur san áireamh freisin;

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn suntasach a rinneadh ar leibhéal Chreat Cuimsitheach ECFE maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis chun an creat idirnáisiúnta cánachais chorparáidigh a nuashonrú agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a rannpháirtíocht sa phróiseas sin ina bhfuil dhá cholún: Dírítear i gColún 1 ar an gcumarphointe agus ar leithdháileadh brabúis agus dírítear i gColún 2 ar cháin íosta dhomhanda atá ceaptha aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna atá fós ann maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis;

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI na tuarascálacha maidir leis na 'gormchlónna' le haghaidh Cholún 1 agus Cholún 2 a formheasadh lena n-eisiúint go poiblí ag cruinniú Chreat Cuimsitheach ECFE an 8-9 Deireadh Fómhair 2020; TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cuireadh síneadh leis an amlíne, go dtí lár 2021, chun teacht ar chomhthoil idirnáisiúnta agus TACAÍONN SÍ leis an obair bhreise chun comhaontú críochnaitheach a bhaint amach maidir leis an dá cholún i gcomhthéacs Chreat Cuimsitheach ECFE maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis;

11. DEARBHAÍONN SÍ go leanann sí de bheith ag tacú leis an obair ar Chreat Cuimsitheach ECFE maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis darb aidhm teacht ar réiteach domhanda atá bunaithe ar chomhthoil faoi lár 2021 ar a dhéanaí, agus leasanna na mBallstát uile á gcur san áireamh chun a áirithiú go n-íocfaidh na corparáidí uile a gcion cothrom cánach ar bhrabúis a ghintear as a gcuid gníomhaíochtaí san Aontas agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint d'fhaireachán gníomhach a dhéanamh ar ghnéithe de dhlí an Aontais agus saineolas ina leith a chur ar fáil do na Ballstáit, agus an chaibidlíocht leanúnach ar Chreat Cuimsitheach ECFE maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis á cur san áireamh;

12. CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil an tAontas agus na Ballstáit toilteanach féachaint ar na féidearthachtaí atá ann an comhaontú domhanda a dtiocfar air faoi chuimsiú Chreat Cuimsitheach ECFE maidir le BEPS a chur chun feidhme, trí mhodhanna dlíthiúla iomchuí, a luaithe is féidir agus MEABHRAÍTEAR DI go ndéanfaidh an Chomhairle Eorpach measúnú ar an tsaincheist i mí an Mhárta 2021, agus IARRANN sí ar an gCoimisiún a bheith páirteach, ar an mbonn sin, san obair ullmhúcháin sa Chomhairle maidir leis an mbealach chun tosaigh i gcomhréir le dlí an Aontais, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach sa gheilleagar digiteach, lena n-áirítear in éagmais comhdhearcadh idirnáisiúnta faoi lár 2021;

*Cánachas díreach – saincheisteanna eile*

13. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur inniúlacht náisiúnta de chuid na mBallstát é cánachas díreach, agus MEASANN SÍ go bhféadfadh Margadh Aonair an Aontais atá dea-fheidhmiúil iomaíoch a bheith ina údar le gníomhaíochtaí comhordaithe i gcás inar gá sin leis an gcreat cánachais a oiriúnú do gheilleagar nua-aimseartha ina bhfuil an digiteáil níos tábhachtaí ná riamh, ar an leibhéal domhanda agus ar leibhéal an Aontais araon;

14. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil coigeartú ar an gcreat cánachais tábhachtach go háirithe chun tacú le fás agus gur cheart do na corparáidí uile a gcion cothrom cánach a íoc ar bhrabúis arna nginiúint le gníomhaíochtaí san Aontas, mar a luaitear i mír 11 de na conclúidí seo;

15. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún tionscnaimh a chur ar aghaidh i réimse an chánachais chorparáidigh agus ioncaim agus i réimse an chomhair riaracháin, mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta maidir le cánachas cothrom agus simplí, go háirithe maidir leis an áit chónaithe cánach sna Ballstáit a chinneadh ar bhealach níos comhsheasmhaí, i dtaca le córas coiteann caighdeánaithe a thabhairt isteach ar fud an Aontais chun faoiseamh cánach a shiarchoinneáil ag an bhfoinse, agus maidir le grúpa saineolaithe ar phraghsáil aistrithe a bhunú, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair ar an leibhéal teicniúil;

### *III. <u>Cáin Bhreisluacha</u>*

16. TACAÍONN SÍ leis an moladh ón gCoimisiún rialacha an Aontais maidir le Cáin Bhreisluacha (CBL) a shoiléiriú, a shimpliú agus a nuachóiriú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar measúnú iomlán ar na tograí uile a d'fhéadfadh a bheith aige ó thaobh a gcostas agus a sochar eacnamaíoch, riaracháin agus sóisialta do cháiníocóirí agus d'údaráis chánach, lena n-áirítear a dtionchar ar acmhainneachtaí TF agus ar chearta bunúsacha, amhail cosaint sonraí pearsanta; agus IS MÓR AICI go leanfar leis an idirphlé leis na Ballstáit agus leis na pléití teicniúla ar thograí a seoladh cheana féin;

17. TACAÍONN SÍ le gníomhaíochtaí lena ndéanfar an trádáil trasteorann san Aontas a shimpliú a thuilleadh, na hualaí riaracháin ar ghnólachtaí agus ar údaráis chánach a laghdú agus calaois CBL a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla, go háirithe trí fheabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht chlárú na gcáiníocóirí atá faoi dhliteanas CBL laistigh den Aontas agus ar an úsáid a bhaintear as sonraí na gcáiníocóirí; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís a chur ar fáil ar bhearta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an gá atá le hilchlárúcháin i mBallstáit éagsúla a laghdú agus machnamh a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar thograí a eisiúint i ndáil leis sin; AITHNÍONN SÍ, agus leathnú an Ionaid Ilfhreastail CBL á mheas, gur gá measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú agus, más iomchuí chun a éifeachtacht a áirithiú, go ndéanfaí coigeartú ar rialacha CBL an Aontais a glacadh le déanaí lena n-áirítear úsáid an Ionaid Ilfhreastail CBL le haghaidh díolacháin trasteorann earraí nó seirbhísí atá neamhéigeantach faoi láthair;

18. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an fhaisnéis is gá a thuairisciú go cruinn agus go héifeachtúil ó ghnólachtaí go dtí údaráis chánach ionas go mbeidh an cánachas níos éifeachtúla agus slán ar chalaois; IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh a d'fhógair an Coimisiún na hoibleagáidí tuairiscithe i ndáil le hidirbhearta trasteorann laistigh den Aontas a nuachóiriú agus scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá le hoibleagáidí tuairiscithe a chomhchuibhiú a thuilleadh le haghaidh idirbhearta tí, agus cruinneas agus slándáil na faisnéise tuairiscithe á n-áirithiú ag an am céanna; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint den idirphlé leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí maidir le struchtúr na n-oibleagáidí tuairiscithe amach anseo; TACAÍONN SÍ leis an rún atá ag an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an sonrascú-leictreonach a mhéadú a thuilleadh; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur cheart úsáid teicneolaíochtaí nua a fhiosrú chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an tuairiscithe agus an rialaithe sonraí;

19. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá le creat CBL a chur in oiriúint don gheilleagar ardán, lena n-áirítear measúnú críochnúil ar láimhseáil CBL na n-idirbheart idir úsáideoirí arna n-éascú ag na hardáin, ar chineál na seirbhísí a sholáthraíonn na hardáin agus ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag ardáin maidir le CBL a bhailiú;

20. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún a mholadh go luath, i gcás inarb iomchuí, go ndéanfaí na rialacha i gcomhair cáiníocóirí a shimpliú agus a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe rialacha CBL i gcomhair seirbhísí airgeadais agus gníomhairí taistil; TACAÍONN SÍ le cuspóir an Choimisiúin cothrom na Féinne a áirithiú laistigh den Aontas agus i leith tríú tíortha; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór iomaíochas agus tionchar ghéarchéim COVID-19 ar na hearnálacha faoi seach agus an méadú ar sheachfhoinsiú na seirbhísí ionchuir ag oibreoirí airgeadais, árachais agus oibreoirí eile a bhfuil ceart teoranta acu maidir le hionchur asbhaint CBL a chur san áireamh;

21. AITHNÍONN SÍ ról tábhachtach earnáil an iompair paisinéirí i rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá earnáil an aeriompair agus an iompair mhuirí idirnáisiúnta do shaoránaigh den Aontas, don gheilleagar agus don nascacht; MEABHRAÍTEAR DI conclúidí an 5 Nollaig 2019 ón gComhairle maidir le creat don chánachas fuinnimh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún sainiúlachtaí, díolúintí, gné idirnáisiúnta agus tionchar leanúnach ghéarchéim COVID-19 ar earnáil an iompair a chur san áireamh san obair atá le déanamh ar láimhseáil CBL maidir le hiompar paisinéirí;

22. TUIGEANN SÍ ról agus rannchuidiú tábhachtach Eurofisc i dtaca leis an gcomhar riaracháin agus maidir le calaois CBL trasteorann a chomhrac; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart atá ann faoi láthair chun comhar riaracháin i réimse CBL a neartú; TACAÍONN SÍ le cuspóir an Choimisiúin anailís a dhéanamh ar conas is féidir Eurofisc a fheabhsú a thuilleadh; TÁ SÍ AG SÚIL LEIS an measúnú tionchair ar fheabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh (Eurofisc 2.0), lenar cheart na saincheisteanna maidir leis an gcosaint sonraí agus an tslándáil a chumhdach, mar aon le gnéithe costas agus ioncaim agus úsáid teicneolaíochtaí nua agus uirlisí TF; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé solúbthacht agus inoibritheacht Eurofisc a choinneáil;

23. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cuspóir fíorú ar idirbhearta trasteorann a atreisiú agus borradh a chur faoi imscrúduithe trasteorann agus aistriú, i gcás inarb iomchuí agus inarb indéanta, chuig comhroinnt uathoibríoch sonraí trí chórais leictreonacha idir-inoibritheacha agus comhchuibhiú agus caighdeánú sonraí a éascú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tábhacht mhór atá ag baint le cosaint sonraí, le slándáil agus cáilíocht sonraí, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, sonraí fíor-ama atá cruinn agus iontaofa a bheith ar fáil;

24. TACAÍONN SÍ leis an réamh-idirphlé leanúnach teicniúil le tríú tíortha maidir le roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do chomhaontuithe ar leibhéal an Aontais maidir le comhar riaracháin, calaois a chomhrac agus éilimh a ghnóthú i réimse CBL; agus TÁ SÍ AG SÚIL le togra a fháil ón gCoimisiún, in am trátha agus mar is iomchuí, le haghaidh sainordú chun tús a chur leis an gcaibidlíocht fhoirmiúil leis na comhpháirtithe eacnamaíocha is ábhartha atá ag an Aontas; CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart riachtanais na mBallstát a mheas go cúramach agus na critéir atá le cur i bhfeidhm á socrú, lena n-áirítear maidir le cómhalartacht agus rochtain ar shonraí i gcomhaontuithe dá leithéid a dhéanfar amach anseo sa réimse sin idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha. Go háirithe, in aon chomhaontú a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, ba cheart malartú faisnéise spriocdhírithe trí líonra Eurofisc, arna bhunú faoi Chaibidil X de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle a theorannú don mhéid a bhfuil fíorghá leis agus a bheidh indéanta chun calaois trasteorann idir an tAontas agus an tríú tír a chomhrac agus ba cheart gnéithe mar sin a shainiú go soiléir in aon sainordú le haghaidh caibidlíochta a bheadh ann amach anseo;

25. TÁ SÍ I bhFÁCH leis an rún atá ag an gCoimisiún comhdháil a eagrú maidir le hanailísíocht sonraí agus réitigh dhigiteacha mar ardán chun tuairimí agus taithí a mhalartú;

26. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún togra a thíolacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar inniúlachtaí Choiste CBL agus chun Coiste Coisteolaíochta CBL a bhunú; DAINGNÍONN SÍ gur gá grinnphlé a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr a aimsiú chun deimhneacht dhlíthiúil bhreise agus feidhmiú aonfhoirmeach rialacha CBL a áirithiú san Aontas, a rachaidh chun tairbhe na n-údarás cánach agus na ndaoine inchánach araon, agus béim faoi leith a leagan ar shaincheisteanna CBL a thagann chun cinn i gcás gníomhaíochtaí eacnamaíocha i roinnt Ballstát;

27. AITHNÍONN SÍ gur féidir le cánachas dúbailte nó neamhchánachas i cásanna éagsúla trasteorann a bheith ina cnámh spairne ag cáiníocóirí agus ag na húdaráis chánach; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint den idirphlé coincheapúil le Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí faoi na bealaí ina bhféadfaí prionsabal na coimhdeachta agus ról na mbreithiúna a urramú chun díospóidí CBL a chosc agus a réiteach, trí fheabhas a chur ar na sásraí atá ann faoi láthair nó trí fhéachaint ar réitigh eile, lena n-áirítear sásra chun díospóidí a chosc agus a réiteach i gcás CBL;

28. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an plé atá á dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de na tograí reachtacha maidir le córas cinntitheach CBL do thrádáil trasteorann earraí agus maidir le rátaí CBL.

## *IV. __Dleachtanna máil__*

29. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur ghlac an Chomhairle roinnt gníomhartha dlí le déanaí i réimse na ndleachtanna máil; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme is gá a ghlacadh chun na gníomhartha dlí sin a chur i bhfeidhm i gcleachtas;

30. CUIREANN SÍ I dTREIS gur foinse shuntasach ioncam do bhuiséid na mBallstát iad dleachtanna máil, go rannchuidíonn an creat iomchuí dleachta máil le feidhmiú cuí mhargadh inmheánach an Aontais, agus go gcuidíonn na dleachtanna máil freisin le cuspóirí beartais eile a bhaineann le leas an phobail a bhaint amach, amhail i réimsí na sláinte, na cosanta comhshaoil agus an iompair, agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus na gconarthaí idirnáisiúnta ábhartha á n-urramú ag an am céanna;

31. MEABHRAÍTEAR DI, chuige sin, conclúidí ón gComhairle an 5 Nollaig 2019 maidir le creat an Aontais don chánachas fuinnimh agus conclúidí an 2 Meitheamh 2020 maidir le struchtúr agus rátaí na ndleachtanna máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe agus codanna ábhartha de chonclúidí an 5 Nollaig 2017 maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún maidir le Treoir 2008/118/CE;

32. IARRANN SÍ AN ATHUAIR ar an gCoimisiún na conclúidí sin ón gComhairle a chur san áireamh agus é ag leanúint dá chuid oibre darb aidhm feidhmiú foriomlán na rialacha maidir le dleachtanna máil a fheabhsú, agus ar bhonn faisnéis atá cothrom le dáta agus tar éis anailísí teicniúla riachtanacha, comhairliúcháin phoiblí agus measúnuithe tionchair a dhéanamh, agus tograí reachtacha ábhartha a chur i láthair na Comhairle lena dtugtar aghaidh, de réir mar is iomchuí, ar na saincheisteanna a leagtar amach sna conclúidí seo;

33. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún togra a thíolacadh maidir le gnéithe r-thráchtála agus maidir le héadálacha trasteorann earraí máil a bhaineann le dleachtanna máil ag daoine aonair príobháideacha agus togra le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat don chánachas fuinnimh. Agus conclúidí ábhartha ón gComhairle an 2 Meitheamh 2020 maidir le struchtúr agus rátaí an dleachta máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe á mbreithniú, iarrtar ar an gCoimisiún a thogra reachtach maidir le struchtúr agus rátaí na dleachta máil a chuirfear i bhfeidhm ar thobac monaraithe in 2021 a thíolacadh;

## *V. __Comhar riaracháin__*

34. DAINGNÍONN SÍ go gcreideann sí gur cuid thábhachtach é i gcónaí d’iarracht chuimsitheach an Aontais srian a chur ar chalaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach, atá i measc na mbagairtí móra ar an ioncam poiblí, feabhas a chur ar chomhar agus ar acmhainneacht riaracháin chomh maith le muinín níos doimhne a bhunú idir údaráis inniúla na mBallstát i réimse an chánachais;

35. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil na conclúidí ón gComhairle an 2 Meitheamh 2020 maidir le forbairt an chomhair riaracháin amach anseo i réimse an chánachais san Aontas á gcur san áireamh ag an gCoimisiún, maille leis na cuspóirí a leagtar amach i dTreoir 2011/16/AE; agus chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna is práinní mar ábhar tosaíochta, amhail na dúshláin a eascraíonn as an ngeilleagar ardáin dhigitigh, chomh maith le roinnt forálacha atá ann cheana maidir le malartú faisnéise a leasú agus a fheabhsú, tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún na tograí reachtacha a chéimniú isteach chun an dul chun cinn reachtach a éascú, mar a d’iarr an Chomhairle;

36. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh sé a bheith mar thoradh ar an bhforbairt ghasta agus ar úsáid mhéadaitheach modhanna malartacha íocaíochta agus infheistíochta ar fud an domhain – amhail criptea-shócmhainní agus r-airgead – go mbainfí an bonn den dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas maidir le trédhearcacht cánach, agus go mbeadh rioscaí suntasacha calaoise cánach, imghabhála cánach agus seachanta cánach ann; agus go bhfuil sé tábhachtach plé a dhéanamh ar an leibhéal teicniúil ar conas na rialacha maidir le comhar riaracháin laistigh den Aontas agus ar an leibhéal domhanda a thabhairt cothrom le dáta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí seo a d'fhéadfadh a bheith ann;

37. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún, mar a chuirtear in iúl sa Phlean Gníomhaíochta le haghaidh cánachas cothrom simplí, tuilleadh leasuithe a mholadh i gcomhair Threoir 2011/16/AE ón gComhairle maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais, agus go háirithe i ndáil le comhar riaracháin údarás cánach i dtaca le malartú sonraí atá ábhartha don cháin le haghaidh na modhanna íocaíochta agus infheistíochta thuasluaite; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart an obair sin a dhéanamh go comhsheasmhach i gcomhar le ECFE;

38. CREIDEANN SÍ gur den ríthábhacht é a áirithiú go ndéanfar córas an Aontais maidir le comhar riaracháin a fhorbairt ar bhealach nach dtiocfaidh méadú díréireach ar an ualach riaracháin a chuirtear ar na heintitis ghnó lena mbaineann mar thoradh ar oibleagáidí tuairiscithe, agus é á áirithiú ag an am céanna go bhfaighidh na húdaráis chánach an fhaisnéis ábhartha ó cháiníocóirí ar bhealach éifeachtach;

39. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR, chun úsáid éifeachtúil, éifeachtach a bhaint as sonraí na gcáiníocóirí, go bhfuil sé tábhachtach malartú sonraí ardchaighdeáin, comhchuibhithe, caighdeánaithe, slán agus uathoibrithe a bheith ann, a chuireann le hinchomparáideacht agus le hidir-inoibritheacht chun críche comhair riaracháin, i réimsí an chánachais dhírigh agus indírigh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí creat dlíthiúil éifeachtúil indéanta a chruthú d'údaráis chánach agus do ghnólachtaí araon, agus na costais chur chun feidhme agus chothabhála á meas;

40. CUIREANN SÍ i dTREIS go bhfuil faisnéis á malartú idir údaráis inniúla Ballstát agus idir Ballstáit agus Tríú Tíortha go heisiach agus go riachtanach ar chúiseanna tábhachtacha a bhaineann le leas an phobail, mar shampla chun calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach a shrianadh, agus gur cheart, dá bhrí sin, an aird chuí a thabhairt ar ailíniú breise a dhéanamh ar rialacha an Aontais maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta; agus nár cheart, leis an gcuspóir sonraí pearsanta a chosaint, bac a chur ar chosaint leasanna poiblí ná an bonn a bhaint d'iarrachtaí fadtéarmacha na Comhairle trédhearcacht cánach a áirithiú;

***VI. <u>Riarachán cánach agus comhlíonadh cánach</u>***

41. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tionscnamh ón gCoimisiún maidir le cearta cáiníocóirí, AONTAÍONN SÍ gur céim iomchuí chun feasacht a mhúscailt sa réimse í teachtaireacht agus IARRANN SÍ go ndéanfar tuilleadh anailíse i ndáil leis sin, chun aon díospóireacht a dhéanfar ar an tsaincheist amach anseo a éascú;

42. AITHNÍONN SÍ gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht an rialaithe ar chomhlíonadh cánach san Aontas, agus, i bhfianaise na forbartha gasta atá á déanamh ar theicneolaíocht, patrúin chaighdeánacha nó sásraí próiseála sonraí a fhorbairt chun ioncam a bhailiú agus na rioscaí a bhaineann le calaois chánach a shainaithint, ionas go bhféadfaí an leas is fearr is féidir a bhaint as sealbhú agus próiseáil na sonraí a bhailíonn na húdaráis chánach;

43. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach mór don Choimisiúin meastóireacht a dhéanamh faoin 30 Meitheamh 2024 ar chur chun feidhme na Treorach dar teideal *Council Directive (EU) 2017/1852 of 10 October 2017 on tax dispute resolution mechanisms in the European Union* [Treoir (AE) 2017/1852 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2017 maidir le sásraí réitithe díospóidí cánach san Aontas Eorpach] agus tuarascáil a chur i láthair na Comhairle, a bhféadfadh togra reachtach a bheith ag gabháil leis;

44. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún tionscnamh a mholadh maidir le creat um chomhlíonadh comhoibritheach de chuid an Aontais chun comhlíonadh cánach a éascú agus a chur chun cinn i gcás gnólachtaí, creat a bheidh bunaithe ar chomhar níos fearr agus ar níos mó muiníne agus trédhearcachta i measc na n-údarás cánach, agus an obair ábhartha atá á déanamh ag ECFE á cur san áireamh;

***VII. <u>Comhordú cánach san Aontas: Dea-rialachas cánach san Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin</u>***

45. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an teachtaireacht dar teideal *Commission Communication on Tax Good Governance in the EU and beyond* [Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le dea-rialachas cánach san Aontas agus níos faide i gcéin] an 15 Iúil 2020 agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá prionsabail dea-rialachais cánach san Aontas agus níos faide i gcéin agus an obair mhaith a rinneadh go dtí seo i gcomhthéacs an Chóid Iompair (Cánachas Gnó) lena n-áirítear liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach ar cheart a shaothrú a thuilleadh agus a fheabhsú, i gcás inar gá;

46. IS DÍOL SÁSAIMH DI an plé ar an athbhreithniú ar an sainordú ar cuireadh tús leis le linn Uachtaránacht na Gearmáine; FORMHUINÍONN SÍ an bealach chun tosaigh a roghnaíodh don phlé atá fós ar bun sa Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó); ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil sí faoi réir chun raon feidhme an tsainordaithe a phlé a luaithe a dhéanfar na forbairtí ábhartha ar an leibhéal idirnáisiúnta ach tráth nach déanaí ná tús 2022 agus COMHAONTAÍONN SÍ gur cheart gnéithe de na córais chánach a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus a d'fhéadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith ag gabháil leo a bheith mar chuid den phlé leanúnach ar raon feidhme an tsainordaithe;

47. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag an Meitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) agus tacaíocht á fáil aici ó Ardrúnaíocht na Comhairle agus le cúnamh ó sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh i gcomhthéacs liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha, ar a raibh torthaí nithiúla bunaithe ar chur chuige comhoibríoch le tríú tíortha agus le dlínsí agus IARRANN SÍ go leanfaidh an Mheitheal dá cuid oibre agus CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá cóir chomhionann laistigh den Aontas agus a mhéid a bhaineann le tríú tíortha agus dlínsí i ndáil leis sin, agus a thábhachtaí atá idirphlé le tríú tíortha agus le ECFE;

48. CUIREANN SÍ i dTREIS a thábhachtaí atá sé go leanfar leis an idirphlé idir an Mheitheal in éineacht lena Cathaoirleach agus gníomhaithe idirnáisiúnta ar nós ECFE nó na dlínsí lena mbaineann i gcomhthéacs na hoibre atá á déanamh ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach chun cumarsáid rialta chomhsheasmhach a áirithiú;

49. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinne an Mheitheal um an gCód Iompair faoi Uachtaránacht na Gearmáine agus FORMHEASANN SÍ an tuarascáil mar a leagtar amach in 13151/20 agus ADD 1-5 í;

## *VIII. <u>Ráitis chlabhsúir</u>*

50. MEABHRAÍTEAR DI tacaíocht an Aontais do ghníomhaíocht chinntitheach i ndáil le hathchóiriú domhanda, bunaithe ar chomhthoil, ar na saincheisteanna is práinní i réimsí an chánachais agus sa chomhrac ar chalaois chánach, ar imghabháil cánach agus ar sheachaint cánach agus a ullamh atá sí gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus níos faide i gcéin, mar a leagtar amach sna conclúidí seo;

51. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, FORMHEASANN SÍ an tuarascáil ó ECOFIN chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach mar a leagtar amach in 13017/20 í agus DEARBHAÍONN SÍ go leanfar den obair sa Chomhairle ar an mbonn sin; IARRANN SÍ ar Mheitheal Ardleibhéil na Comhairle um cheisteanna cánach leanúint den obair i ndáil leis na conclúidí seo go comhleanúnach, agus aird á tabhairt ar an obair ábhartha in eagraíochtaí agus i bhfóraim idirnáisiúnta eile (lena n-áirítear G20 agus ECFE) agus comhtháthú na dtosaíochtaí cánach níos leithne a éascú i gcaidreamh an Aontais le tríú tíortha;

52. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach, ar bhonn faisnéise a bheidh cothrom le dáta agus tar éis na n-anailísí teicniúla, na gcomhairliúchán poiblí agus na measúnuithe tionchair ábhartha a dhéanamh, tograí reachtacha ábhartha a chur i láthair na Comhairle, a mbeidh mar chuspóir leo aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí an bheartais cánach mar a leagtar amach sna conclúidí seo iad.